Grian shamhraidh teist Tomaltaigh
[TCD 1363 (H.4.22), The ’Seithfín’ Duanaire, 132]
Seithfín Mór
[Casbhairdne, Brúilingeacht]

1 Grían tsamraidh teist Tomaltaigh
anmain fan teist togartur
teist o Neill a-nallamain
ni theid tar theist Tomaltaig.
2 Suil anus clu in curadh-sin
ni fadar [leg. -gh-] clu a comcosmail
na cuic cuigidh cuirfider
fan clui-sin an Chonnachtaigh. [133]
3 Caidhi in clu ar nar chinnestur
clu thair-si nir thoghumar
do-ro s[e]in a Saxanaib
ni lor le teist Tomaltaigh.
4 Rug si buaidh o Bretnachaib[h]
cuairt ’na tir do thogrostair
mar sin d’Albain echlongaig[h]
far ghablaigh teist Tomaltaig[h].
5 Ni clu a n-esbaigh urradhuis
do lethnaigh fa Lochlannaib[h]
teid os aird in t-allad[h]-sin
ceim san Fhraingc do rothogair.
6 Tic ruaig don reim siubail-sin
san Greig ’na cuairt chonusaigh
ac sur na n-iath n-anaithnigh
can srian re clu in Connachtaig.
7 Mac Diarmada a dheghshamail
in Cliabghlas-[s]a a comcosmuil
le hua nEchach adaimter
is ecluch re n-ollam[h]ain.
8 A tonn duasbog deighenigh
ar uaman an fhochogair
a crodh-san mar cruinnighter
’ga brondadh ’na boctonnaib.
9 Modha a maicne medhaighidh
modha maithi Tomaltaig
is do modaib Muiredhaigh
Muillethain na modha-sin.
10 Mac Conqubair certbrethaig[h]
comchobair do Connachtaib
ni terc im grib nghelUisnigh
thech Da Ti do togradair.
11 Finfhola da fregairter
fichmura na fola-sin
fuil s[e]in gan fhuath d’ealadain
fuil Duach fa dderc mongshocraidh.

12 Cru an Chrobhdhuinn mun curudh-sin
tus comluinn do cosnaduir
fuil uasal an Echach-sin
can cnuasach a comchosmuil.
13 Caer do mianach Muiredhaigh
ni mianach nar molumar
fuil Mael Ruanaig ronEartmair
sa caeir uasail fhola-sin.
14 Crú in chúiger do chanamair
in crúi-sin an Connachtaigh
mac Saidhbi gnuiss genamail
in maigre o Buill bogsrothaig[h].
15 Med oili ní hintomhuis
re a croidhi acht teg Tomaltaig
mur Crúachain ’su[n] chaithir-sin
do-chúala gur comcosmuil.
16 Secht ndhoirrsi ar an dhaingen-sin
do ben coinnme ar comharsain
Rath Bregh is í a hindamail
munab i treb Thomaltaig.
17 Tech ’na gairdi gemaghaid[h]
treb na Cairgi a comcosmail
gres d’aibhnes in istaidh-sin
maeidhfed ar thegh Tomaltaig.
18 Loch Ce ’mun cuirt midhabaig[h]
’na téid cluim a colcachaib[h]
coimling bad on bruigin-sin
co tragh tonnbinn toburghloin.
19 In lethanrath luchtmur-sin
ethurbaid(h) ’na horsannaib
tegluch righ sa rachathraig[h]
in sith cernach comshocair.
20 Bro eges in istaid[h]-sin
ac ol trenfledh Tomaltaigh
cuirm grísderg sa[n] ghelchathraig.
a ndhíbenn cuirn clocharsaigh.
21 Fa fleidh ’con ua Eachach-sin
a sreith cuach ar Condachtaib
ol tar fer ní faicfidher
acht fledh d’ól co horsannaib.
22 Rucc toir ar dhigh ndrithlennaigh
im noin a tigh Tomaltaig
fras blaes[c] isin bruighin-sin
fá lacht caer gur (cor) chodladur.
23 Rug lá ar in digh nderenuigh
suil tic cach ’na colcachaib
on fhleidh fhoghnus d’aiffrinnaib
a corrbrudh in Connachtaigh.
24 Mac mic Aedha enechbhuig

in t-Aedh-sin a forcosmuil
Magh Luirg na fedh foithremail
ar techt fa chuing cosantaig.
23 Tir is feitmech d'fhil[eda]ib[h]
tír da creided comarsain [134]
tír nach beg ar brughadhuib[h]
terc do tid [leg. do-chíd?] a comchosmail.
24 Tír can cruas 'na cunnartaib[h]
tír na suan tir Tom[altaigh]
as e a n-aithnim d'uiresbaid[h]
ar an fairsing fochlocaigh.
25 A fuil d'i[sle] a n-uisged[h]aib[h]
isin tir-si Tomaltaig[h]
ara muillib mothaig[h]ter
a cuidigh nir cognaduir.
26 Don triath o Moigh Muredhaig[h]
grian ac goid gach lochthobair
mac Diarmada in deighfer-sin
slat ríaghalta rosgshochraigh.
27 Fer orruma d'fhiled[h]aibh
fer cosanta a comfhocuis
fer can orruim d'escaraid
fer comaill a com[fh]ossaid[h].
28 Lámh do cheis ar cathshleghaib[h]
do-ber bás do bogadhaib[h]
mac Concobair cnessholuis
gormlachain do gonustur.
30 Eóin créchtacha ar calad[h]aib[h]
ó trénbogha Tomaltaig[h]
easbaid[h] ar na heltadhuib[h]
suil bentair don bogha-sin
31 Ua hEchach bas barramail
spregus cath re Connachtaib[h]
ar ndhail in croinn cuirfider
laim ar [loinn?] an Lochlannaigh.
32 Do-ni in lann a lethcumaidh
si 'sa crann fa comfalaid[h]
fráech [leg. fíoch?] catha ar an coingir-sin
fala righ do fhromadur.
33 Is terc bias can bithainimh
da ria o thres Tomaltaig[h]
lamh ass mó assa muinighter
mór do cách do comartaig[h].
34 Cossa croind fa curadhaib[h]
o loind corcra in Connachtaigh
aighedh ar gleo in gilli-sin
aithrech leo nar locadur.
35 Sceith lethna 'na lethscoiltibh
tar eis tresa Tomaltaig. Tar éis tresa Tomaltaigh.